DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 26 Feabhra 2024

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí na comhaltaí ar fad i láthair. Ní raibh an bheirt chomhalta nua ceaptha fós.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí na Nollag.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Ard-Rúnaí nua sa Roinn:* Dúradh gur thug Feargal Ó Coigligh Ard-Rúnaí nua ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán cuairt ar Bhaile na hAbhann ar an 9ú Feabhra in éineacht le Stiúrthóir na Gaeilge sa Roinn, Aodhán Mac Cormaic.

*5.1.2* *RTÉ agus an Rialtas:* Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir go raibh an chosúlacht air go ndéanfaidh an Rialtas cinneadh comhfhiosach, réamhbheartaithe maidir le quantum maoinithe RTÉ atá bunaithe ar mheicníocht eile seachas meicníocht na táille ceadúnais. Agus sa gcás sin go raibh sé den tuairim go bhfuil iallach ar an Rialtas seo cinneadh comhfhiosach, réamhbheartaithe a dhéanamh ar quantum maoinithe TG4 atá bunaithe ar mheicníocht eile seachas incrimintí beaga ar an allúntas an-mhíshásúil a tugadh i mBuiséad 1996. Mhol sé gur cheart go

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

mbeadh maoiniú poiblí TG4 socraithe ag ar a laghad 50% de mhaoiniú poiblí RTÉ.

*5.1.3 Comhchoiste Oireachtas na Gaeilge:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go mbeadh sé féin, Nóra-Máire Uí Mhocháin agus Deirdre Ní Choistín i láthair ag cruinniú de Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar an 21 Feabhra ag plé 'Úsáid agus Feiceálacht na Gaeilge ar na Meáin Chumarsáide'.

*5.1.4 Coimisiún na Meán:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go mbeadh Celene Craig, Coimisinéir na Craoltóireachta, ag éirí as a ról i Mí Márta agus go mbeadh Andrew Byrne mar 'Stiúrthóir PSM' do CnaM. Thug sé le fios gur chas sé freisin le Rónán Ó Domhnaill agus Sinéad Crowley agus gur tugadh dréacht do cur chuige don Léirmheas Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

*5.2.1 Lucht Féachana 2023:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh bliain mhaith ag TG4 in 2023. Bhí 81% den daonra, ag féachaint ar TG4 ag pointe éigin in 2023. D'ardaigh an meánsciar lucht féachana don bhliain go dtí 2.09%, ardú ó 1.96% in 2022 – agus ba é sin an sciar ab airde mar sin ón mbliain 2009. Tháinig borradh freisin faoin lucht féachana ag príomhamanna féachana gur baineadh sciar 2.24% amach. Tháinig ardú suntasach ar fhéachaint ar ár n-ábhar neamhlíneach freisin.

5.2.2 Tugadh spléachadh ar chuid de na buaicphointí ábhar i Sceideal an Earraigh: an tsraith *Planda go Pláta,* sraith chócaireachta planda- agus pláinéad-bhunaithe; *Tithe Cois Uisce* á láithriú ag Síle Nic Chonaonaigh; *Ceolaireacht* – leis an láithreoir Doireann Ní Ghlacáin; *Inis na nIontas* – turas staire agus miotaseolaíochta Ó Reachlainn ó thuaidh go Cléire ó dheas; agus sraitheanna nua de *Marú inár Measc* agus *Laochra Gael*.

*5.2.3 Māori TV:* Dúradh go mbeadh an tArd-Stiúrthóir ag labhairt ag comhdháil World Indigenous Content Conference in Auckland ar an 11 Márta, ar chuireadh ó Whakaata Māori (Māori TV). Dúradh go raibh cosúlachtaí idir straitéis TG4 agus Māori TV agus go mbeadh an deis cuairt a thabhairt ar a gceannáras acu in Auckland.

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

*5.2.4 Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge:* Dúradh go mbeadh an tArd-Stiúrthóir ag freastal ar Ard-Fheis CnaG ar an 23 Feabhra.

*5.2.4 Kneecap:* Tugadh le fios gur bhuaigh an scannán Gaeilge KNEECAP Gradam an Lucht Féachana ag Féile Scannán Sundance. Is é seo an chéad fhadscannán Éireannach a bhuaigh gradam ag an bhféile ó bhí an scannán ONCE le John Carney ann in 2007. Beidh an scannán sna pictiúrlanna anseo agus i Meiriceá sa bhfómhar agus cuirfear feachtas láidir margaíochta taobh thiar de. Tuigtear dúinn go n-osclóidh an scannán Film Fleadh na Gaillimhe sa samhradh.

## 5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.

*5.3.1 Ollchruinniú Foirne:* Dúradh go raibh Ollchruinniú Foirne in Óstán an Ghalmont i nGaillimh ar an 22 Feabhra, teacht le chéile bliantúil a thugann an fhoireann le chéile. Bhí Cathaoirleach TG4 i láthair le labhairt leis an fhoireann freisin.

*5.3.2 Comhlíonacht:* Deimhníodh go mbeadh CnaM i dteagmháil nuair a bhéas níos mó soiléireachta maidir le cur chuige CnaM maidir le géilliúlacht. Agus idir an dá línn, go bhfuil an obair atá idir lámha ag Ard-Bhainistíocht agus Bord TG4 mínithe do CnaM.

## 5.4 Miontuairiscí

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Dúirt an Cathaoirleach go raibh beirt chomhaltaí boird nua roghnaithe agus iad le h-ainmniú go luath.

6.2 Déanadh plé ar córam boird. Aontaíodh go gcruthófaí fo-choiste nua Ceadú Conarthaí. Aontaíodh go mbeadh baill iomlán an Bhoird ar an bhfo-choiste seo, seachas iad siúd atá ag gníomhú san earnáil.

6.3 Cuireadh achoimre mholtaí ag eascairt as an measúnú boird ar fáil don Bhord. Beidh tuilleadh plé le déanamh ar an dara cuid de na moltaí ag cruinniú eisceachtúil go luath.

6.3 Moladh go ndéanfaí comhbhrón le muintir agus cairde Cáit Hynes, bean a chaith blianta fada ag obair i gceaintín TG4 agus a raibh cion mór uirthi in TG4.

**7. Cuntais Mhí Eanáir 2024 & Cuntais Deireadh Bliana 2023**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Eanáir. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.

Tugadh tuairisc ar Chuntais Deiridh na bliana do 2023, ar an Ráiteas Ioncam agus Caiteachais agus ar an stáid Airgeadais ag deireadh na bliana, mar aon le cuntas ar chostais pá rolla.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Gealltanais 2024**

**8.1** Cuireadh cáipéis Gealltanais 2024 faoi bhráid an bhoird. Míníodh go raibh na Gealltanais bunaithe ar na tosaíochtaí sa ráiteas straitéise agus gur iad an tslat tomhais ar fheidhmíocht TG4 don bhliain. Cuirfear na Gealltanais ar fáil do Choimisiún na Meán.

Cheadaigh an Bord na Gealltanais don bhliain.

**9. Ceadú Conartha**

De bharr nach raibh na comhaltaí nua boird ceaptha fós, agus 4 a bhfuil coimhlint leasa acu, aontaíodh an mhír ceadú conartha a chur faoi chúram an Choiste Iniúchta ar bhonn eisceachtúil don mhí seo. Déanfar Coiste Ceadú Conartha a bhunú nuair atá Bord nua ceaptha.

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

Ag an Choiste Iniúchta ag 2:30pm:
Tháining foireann Choimisiúnaithe agus Airgeadais i láthair (Mary Ellen Ní Chualáin, Deirbhile Ní Churraighín & Collette Ní Neachtain).

Bhí trí chonradh le ceadú.
Ceadaíodh conradh amháin Cine4.
Déanadh réamhcheadú ar Bhabhta 6 – 8 de Cine4.
Glacadh i bprionsabal le hiarratas eile Cine4, ach iarradh tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an léiriú roimh a cheadú.

**10. Tuairisc Fo-Choistí Boird**

10.1 Fo-Choiste Nuachta.
Tháinig Deirdre Ní Choistín, Ceannasaí Nuachta isteach don mhír seo.

Tugadh tuairisc ar Chruinniú an Choiste Nuachta a bhí ann 22/01/24.

Aontaíodh Cairt an Choiste Nuachta

Rith an Bord rún i leith dul chun cinn ar chinneadh ceannas neamhspleách eagarthóireachta a bheith ag TG4:

"Tá an-díomá ar Bhord TG4 faoin mhoilleadóireacht maidir le feidhm a thabhairt don chinneadh Rialtais ceannas neamhspleách eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar sheirbhís nuachta agus chúrsaí reatha an stáisiúin mar a mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán.
Is é seasamh láidir Bhord TG4 gur cheart agus gur gá go mbeadh gach gné d'eagarthóireacht, struchtúr agus maoiniú na seirbhíse nuachta agus cúrsaí reatha go hiomlán faoi smacht TG4 ar son leasa na seirbhíse agus an phobail agus le iolracht níos fearr a chur ar fáil sa réimse seo."

10.2 Fo-Choiste Iniúchta.
Tugadh tuairisc ar chruinniú an Choiste Iniúchta a bhí ann ar 11/12/23

10.3 Fo-Choiste Digiteach
Tugadh tuairisc ar chruinniú an Choiste Digiteach a bhí ann ar 11/12/23

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

**11. Riarachán Boird**

11. 1 Polasaí Saoire Tuismitheora: Cheadaigh an Bord polasaí Saoire Tuismitheora leasaithe TG4.

11.2 Rátaí Cothabhála: Cheadaigh an Bord Rátaí Cothabhála leasaithe TG4 le teacht le Ciorcalán (19/2023)

11.3 Polasaí Comhlíonta: Deimhníodh go raibh an Polasaí Comhlíonta a pléadh ag cruinniú Mhí na Nollag 2023 ceadaithe.

11.4 Dátaí Cruinnithe: socraíodh dáta cruinnithe Mí Mheán Fómhair a athrú go dtí an 23ú Meán Fómhair.

DocuSign Envelope ID: 627E1338-53B6-47EA-BB08-1EB6643D4FDF

**12. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó breise.

**13. Aon Ghnó Eile**

**14. Léargas Seachtrach:**

14.1 RedC: Suirbhé Scoile. Thug Gavin Costello, Aoife Marron & Geoff Tucker ón gcomhlacht Red C tuairisc ar thorthaí an Suirbhé Scoile a rinne RED C. Bhí Conall Ó Máirtín, eagarthóir oideachais i láthair freisin.
Léiríodh sa suirbhé go raibh 52% de mhúinteoirí bunscoile ag baint úsáid as ábhar TG4 / Cúla4 sa seomra ranga, ionann le 15% ardú ón suirbhé a déanadh in 2020.

14.2. Léargas Lucht Féachana TG4 2023
Rinne Aghna Ní Chuanaigh (Bainisteoir Léargas LF) agus Peadar Ó Flatharta (Bainisteoir Seinnteoir TG4) cur i láthair maidir le Lucht Féachana treas ardán TG4 le linn 2023

**Críoch**

*Síniú* DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407...

**Dáta** 01-Jul-24 | 10:39 AM BST